

www.2010againstopoverty.eu
2010againstopoverty@ec.europa.eu

An bhfuil suim agat i **bhfoilseacháin** na hArdstíúirthóireachta um Fhostaíocht, um Ghnóthaí Sóisialta agus um Chomhdheiseanna?

Má tá, is féidir leat iad a íoslódáil nó síntiús saor in aisce a thabhairt amach ó <http://ec.europa.eu/social/publications>

Chomh maith leis sin, féadfaidh tú clárú chun *Nuachtlitr leictreonach um Eoraip Shóisialta* an Choimisiúin Eorpaigh a fháil saor in aisce ag <http://ec.europa.eu/social/e-newsletter>

<http://ec.europa.eu/social/>



■ Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-79-13673-3



9 789279 136733

SUIRBHÉ BARAMÉADAIR EORPACH

AR AN MBOCTAINEACHT AGUS AN EISIAMH SÓISIALTA

2009



An Coimisiún Eorpach

2010
Bliain an
Aontais Eorpaigh
um Chomhrac
na Bochtaine
agus an
Eisiaimh Shóisialta

www.2010againstopoverty.eu

***Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí
a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach***

**Uimhir saorghlao (*):
00 800 6 7 8 9 10 11**

(* Ní cheadaíonn oibrítheoirí teileafóin soghluaiste áirithe rochtain ar uimhreacha 00 800 nó d'fhéadfaí airgead a ghearradh ar na glaonna seo.

FÓGRA DLÍ

Ní bheidh an Coimisiún Eorpach ná aon duine a ghníomhaíonn ar son an Choimisiúin freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas atá san fhoilseachán seo.

Grianghraif Michel Loriaux © Na Comhphobail Eorpacha

Tá cuid mhaith eile eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an idirlíon.
Tríd an ríomhaire seirbhíse Europa a thagtar ann (<http://europa.eu>).

Tá sonraí catalógaithe ar fáil i ndeireadh an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig na bhFoilseachán, 2009

ISBN 978-92-79-13673-3

doi: 10.2767/56000

© Na Comhphobail Eorpacha, 2009

Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.

Tá cosc ar atáirgeadh grianghraif.

Printed in Belgium

ARNA CHLÓBHUALADH AR PHAIPÉAR BÁN GAN CHLÓIRÍN

An Coimisiún Eorpach

SUIRBHÉ BARAMÉADAIR EORPACH AR AN MBOCTAINEACHT AGUS AN EISIAMH SÓISIALTA | 2009

Lucsamburg: Oifig na bhFoilseachán

2009 — 8 lgh. — 21 × 29.7 cm

ISBN 978-92-79-13673-3

doi: 10.2767/56000

Tá an foilseachán seo ar fáil i bhformáid chlóite i dteangacha oifigiúla uile an AE.

Conas le foilseacháin an AE a fháil

Foilseacháin atá le díol:

- trí Siopa Leabhair an AE (<http://bookshop.europa.eu>);
- ó do dhíoltóir leabhair ag tabhairt ainm an teidil, foilsitheora agus/nó uimhir ISBN;
- trí dul i dteagmháil díreach lenár ngníomhairí díolacháin. Is féidir leat a gcuid sonraí teagmhála a fháil ar an Idirlíon (<http://bookshop.europa.eu>) nó trí facs a sheoladh chuig +352 2929-42758.

Foilseacháin atá saor in aisce:

- trí Siopa Leabhair an AE (<http://bookshop.europa.eu>);
- ag na ionadaithe nó ag toscaireachtaí an Choimisiúin Eorpaigh. Is féidir leat a gcuid sonraí teagmhála a fháil ar an Idirlíon (<http://ec.europa.eu>) nó trí facs a sheoladh chuig +352 2929-42758.

RÉAMHRÁ

Tá an dlúthpháirtíocht ar cheann de theoirphrionsabhair an Aontais Eorpaigh, prionsabal a chiallaíonn go bhfuil sé de cheart ag gach uile shaoránach an leas is fearr a bhaint as rathúnas agus atá an t-ualach a roinnt le linn an ama dheacair. Tá beagnach 80 milliún duine san Eoraip ag maireachtáil faoi thairseach na bochtaineachta, áfach, agus bíonn deacrachtaí ag go leor eile teacht ar fhostaíocht, ar oideachas, ar thithíocht, agus ar sheirbhísí airgeadais agus sóisialta.

Deich mbliana i ndiaidh do Chinn Stáit agus Rialtais feachtas a chur faoi lán seoil chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht san AE, ceiliúrfar **Bliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta sa bhliain 2010**. Cuimsítear ceithre chuspóir agus threorphrionsabhal leathana lena cuid spriocanna:

- aitheantas a thabhairt do cheart na ndaoine atá beo bocht agus atá faoi eisiaimh sóisialta dínit bheith acu agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí;
- comhfhreagracht agus páirtíocht a ghlacadh sa chomhrac in aghaidh na bochtaineachta, agus le béim ar ghníomhaíocht chomhchoiteann agus indibhidiúil araon;
- comhtháthú a chothú agus béim a leagan ar bhuntáistí a bhaintear amach trí dhíothú na bochtaineachta agus eisiaimh sóisialta níos fearr a thabhairt do gach uile dhuine sa tsochaí;
- tiomantas polaitiúil agus gníomhaíocht choincréite a chur ar bun d'fhonn bochtaineacht agus eisiaimh sóisialta a dhíothú ag gach uile leibhéal rialachais, chomh maith le bheith tiomanta do na spriocanna sin laistigh den tsochai.

Tugann an bróisiúr seo forbheathnú ar na torthaí is tábhachtaí den suirbhé a rinneadh ar bhochtaineacht agus eisiaimh sóisialta a seoladh i nDeireadh Fómhair 2009.


Tá an suirbhé seo arna choimisiúnú ag Ardstiúrthóireacht (AS) Fostaíochta, Gnóthaí Sóisialacha agus Comhdheiseanna an Aontais Eorpaigh agus *thug TNS Opinion & Social network faoin suirbhé idir an 18 Lúnasa agus 17 Meán Fómhair 2009. Cuirfead nóta teicniúil mar aon le táblaí na dtorthaí i gceangal le hiarscríbhinn na tuarascála iomláine, ar nóta inar dhéanfaidh cur síos ar an mbealach a rinne na hInstitiúidí laistigh den TNS Opinion & Social network na hagallaimh.*

1. AN BHOCHTAINÉACHT MAR A BHRAITEAR Í SAN AE

Tá beagnach 80 milliún duine san AE, nó 16% dá phobal iomlán, ag maireachtáil faoi thairseach na bochtaineachta. De réir an tsuirbhé, tá tuiscintí difriúla ag muintir na hEorpa ar an mbochtaineacht. Dar le thart ar cheathrú acu (24%), tá duine beo bocht nuair atá a acmhainní chomh teoranta sin nach féidir leis nó léi lánpháirt a ghlacadh sa tsochaí ina bhfuil sé nó sí. Dar le 22% eile, tá duine beo bocht nuair nach féidir leis nó léi bunriachtanais an tsoil a cheannach chun maireachtáil agus dar le 21% eile bíonn duine beo bocht nuair a bhíonn sé nó sí ag brath ar charthanacht nó ar fhordeontais phoiblí. Dar le mionlach toirtiúil, (18%) tá duine beo bocht nuair atá ar dhuine maireachtáil faoi thairseach na bochtaineachta in aghaidh na míosa.

Tá beagnach trí cheathrú (73%) acu den tuairim go bhfuil an bhochtaineacht go forleathan ar fud a dtíre. Tá difríocht mhór ó thír go tír, áfach, faoi cé chomh forleathan is atá an bhochtaineacht.

An ndéarfá go bhfuil bochtaineacht i (SA TÍR SEO) ...?




Measann ochtar as deichniúr (84%) go bhfuil méadú tagtha ar an mbochtaineacht ina thír féin le trí bliana anuas. Tá níos mó ná leath de shaoránaigh na hUngáire (64%), na Laitvia (62%) agus na Gréige (54%) den tuairim go bhfuil an bhochtaineacht 'méadaithe go mór'.


2. CÚISEANNA A MHEASANN DAOINE GO BHFUIL BOCHTAINÉACHT ANN

Is féidir an bhochtaineacht a mhíniú de réir thosca ‘sochaíocha’ agus ‘pearsanta’. Is iad leibhéil ard difhostaíochta, tuarastail agus pána easnamhacha na míniúcháin ‘sochaíocha’ is forleithne agus a mheastar atá ann, chomh maith le leas sóisialta agus pinsin neamhleor agus an costas iomarcach a bhaineann le tithíocht mhaith. Is iad easpa oideachais, oiliúna nó scileanna, chomh maith le bochtaineacht a fhaightear le ‘oidhreacht’ agus andúil na cúiseanna ‘pearsanta’ is forleithne agus a mheastar atá taobh thiar den bhochtaineacht.

I do thuairim féin, cén dhá fhreagra uathu seo a leanas a d’fhéadfadh míniú a thabhairt ar an mbochtaineacht?



Agus tú ag cuimhneamh ar dhaoine atá beo bocht, dar leat, cén dhá fhreagra uathu seo a leanas a dtugann míniú ar cén fáth a bhfuil siad bocht? (UASMHÉID – 2 FHREAGRA)




Dar le 53% de na daoine a ghlac páirt sa suirbhé san Ísiltír, 51% sa Danmhairg agus sa Ghearmáin, tá baint ag easpa oideachais, oiliúna agus scileanna leis an mbochtaineacht. I nDeisceart na hEorpa – go háirithe muintir na Cipire (44%) – feictear gurb ionann an bhochtaineacht agus fadhb a fuarthas ‘le hoidhreacht’. Leagann Eorpaigh an Deiscirt béim níos mó ar an mbaint idir an teaghlach agus an pobal (e.g. bhí 32% de na freagróirí sa Phortaingéil den tuairim go mbíonn duine beo bocht toisc nach bhfaigheann siad cúnamh óna dteaghlaigh ná óna gcairde).

I go leor tíortha, tá an tuairim ann go bhfuil baint ag an mbochtaineacht le costas ard tithíochta: tá 67% de mhuintir na hEorpa den tuairim go mbíonn deacrachtaí i gceist le tithíocht mhaith a aimsiú ar phraghas réasúnta. Tá an tuairim sin le feiceáil go háirithe ag muintir Phoblacht na Seice agus na Cipire (araon den tuairim 89%), chomh maith le muintir Lucsamburg, an Mháilta (86% sa dá tír) agus na Slóvaice (84%).

3. CÉ HIAD NA DAOINE A MHEASTAR ATÁ GO MÓR I MBAOL NA BOCHTAINÉACHTA?

Tá níos mó ná leath de mhuintir na hEorpa (56%) den tuairim gurb iadna daoine atá dífhostaithe atá go mor i mbaol na bochtaineachta. Ag an am céanna, tá 41 % den tuairim gurb iad na seandaoine atá go mór i mbaol na bochtaineachta, agus tá 31 % den tuairim go bhfuil daoine gan morán oideachais, oiliúna nó scileanna níos mó i mbaol na bochtaineachta. Mheas Eorpaigh eile go raibh na catagóirí sóisialacha seo a leanas i mbaol: daoine le poist neamhbhuana, daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil galar fadtréimhseach de shaghas éigin orthu.

Dar leat, cé cinn de na grúpaí seo a leanas sa phobal a bhfuil an baol is mó orthu i dtaobh na bochtaineachta i (SA TÍR SEO)?



Léiríonn an suirbhé seo go bhfuil baint thábhachtach ag aois ar thuairim an phobail a mhúnlú i dtaobh leochaileacht na ndaoine scothaosta; creideann i bhfad níos lú daoine óga san Eoraip (idir 15-24 d'aois) ná daoine 'aosta' san Eoraip (os cionn 55 d'aois agus daoine ar chomhaois leis) go bhfuil na daoine scothaosta níos mó i mbaol ó thaobh na bochtaineachta de (33% i gcomparáid le 45% faoi seach).

4. CÉ IAD NA DAOINE SAN EORAIP A MHEASANN GURB IAD FÉIN ATÁ I MBAOL?

Cé go meastar go bhfuil an bhochtaineacht le feiceáil go forleathan agus ag méadú, ní mheasann an chuid is mó de mhuintir na hEorpa go bhfuil siad féin i mbaol na bochtaineachta.

De réir roinnt ‘scrúduithe ar mheasúnú rioscaí’ – amhail mar bheith ábalta maireachtáil agus a bheith in ann billí a íoc, ag mothú go bhfuil tú i bhfiacha, ag súil le fanacht sa phost ina bhfuil tú (nó nach bhfuil tú ag súil le) agus go mbraitheann tú go bhfuil riosca ann go mbeidh tú gan dídean – is léir go bhfuil muinín ag tromlach na ndaoine san Eoraip astu féin maidir lena staid phearsanta.

D’fhéadfadh foinsí ioncain difriúla bheith ag teaghlach agus d’fhéadfadh níos mó ná duine amháin i dteaghlach a bheith ag cur leis an ioncam. Má chuimhníonn tú ar do theach féin agus ar a ioncam míosúil iomlán, an féidir le do theach a mhaireachtáil ...?

| | Éasca | Réasúnta | Deacair | Gan fhios |
|-------|-------|----------|---------|-----------|
| AE 27 | 30% | 56% | 12% | 2% |
| DK | 57% | 37% | 5% | 1% |
| SE | 53% | 41% | 4% | 2% |
| NL | 50% | 40% | 8% | 2% |
| LU | 47% | 46% | 5% | 2% |
| DE | 45% | 45% | 9% | 1% |
| AT | 43% | 50% | 6% | 1% |
| FI | 43% | 53% | 3% | 1% |
| BE | 38% | 50% | 11% | 1% |
| UK | 35% | 54% | 8% | 3% |
| SI | 33% | 54% | 13% | - |
| IE | 30% | 54% | 10% | 6% |
| ES | 28% | 60% | 10% | 2% |
| FR | 25% | 62% | 12% | 1% |

| | Éasca | Réasúnta | Deacair | Gan fhios |
|----|-------|----------|---------|-----------|
| IT | 24% | 61% | 13% | 2% |
| MT | 24% | 65% | 9% | 2% |
| SK | 24% | 63% | 13% | - |
| CY | 23% | 54% | 23% | - |
| PL | 21% | 59% | 17% | 3% |
| PT | 21% | 62% | 15% | 2% |
| EE | 20% | 65% | 13% | 2% |
| LT | 20% | 60% | 18% | 2% |
| CZ | 17% | 69% | 13% | 1% |
| LV | 12% | 56% | 30% | 2% |
| EL | 11% | 54% | 35% | - |
| RO | 9% | 63% | 24% | 4% |
| BG | 5% | 52% | 40% | 3% |
| HU | 5% | 61% | 34% | - |

Braitear go bhfuil baol níos mó ann i dtaobh na bochtaineachta i measc dhaoine atá dífhostaithe ná meán an AE:

- Tá beagnach dhá oiread an seans ann go mothóidh siad go bhfuil an riosca orthu a bheith i bhfiacha (50% vs. meán an AE de 27%).
- Tá níos mó ná dhá oiread an seans ann go mbeidh fadhbanna leanúnacha acu billí a íoc agus gealltanais airgid a dhéanamh (46% vs. 21%).
- Tá sé trí oiread níos deacra dá theaghlach a mhaireachtáil (31% vs. 12%).
- Measann siad go bhfuil dhá oiread an baol orthu a bheith gan dídean (16% vs. 7%).

5. IMPLEACHTAÍ A BHAINNEANN LEIS AN MBOCHTAINÉACHT

Níl daoine san Eoraip a bhfuil deacrachtaí acu maireachtáil ó lá go lá chomh sásta leis an tsaol atá acu i gcomparáid leis an meán. Níl siad chomh sásta lena sláinte agus leis an saol teaghlaigh atá acu.

| Sástacht le ... (meánmharcanna ar scála ó 1-10 nuair is míshástacht atá i gceist le 1 agus an-sásta atá i gceist le 10) | Meánmharc AE 27 | Cumas teaghlaigh freastal ar a riachtanais | | |
|---|-----------------|--|---------|---------|
| | | Éasca | Meánach | Deacair |
| ... an saol go ginearálta | 6.9 | 7.8 | 6.7 | 4.9 |
| ... sláinte phearsanta | 7.2 | 7.6 | 7.2 | 6.3 |
| ... saol an teaghlaigh | 7.7 | 8.2 | 7.7 | 6.7 |

Meastar go bhfuil níos mó ná na freagraí seo a léiríonn na himpleachtaí a bhaineann leis an mbochtaineacht. Measann beagnach naonúr as deichniúr de mhuintir na hEorpa (87%) go gcuireann bochtaineacht bac ar dhaoine rochtain a fháil ar thithíocht mhaith, measann ochtar as deichniúr go mbíonn deacrachtaí níos mó ag daoine atá beo bocht rochtain a fháil ar ardoideachas nó oideachais aosach, agus measann 74% eile go gcuireann sé isteach ar a ndeiseanna chun post a fháil. Measann tromlach na daoine san Eoraip (60%) go gcuireann sé bac ar bhunoideachas scoile maith a fháil, agus measann 54% go bhfuil teorainn ar chumas duine teagmháil le cairde agus a lucht aitheantais a chothú. Dar le daoine eile níl seirbhísí poiblí ar fáil ar phraghas réasúnta, a dtugann le fios go mbíonn teorainn ar na seirbhísí sin mar gheall ar an mbochtaineacht.

→ Le daonra atá ag dul in aois, is cúis imní iad seirbhísí cúraim fadtréimhseacha: tá 45% de dhaoine den tuairim nach bhfuil siad ar phraghas réasúnta. Measann tríú cuid (35%) go bhfuil cúram leanaí róchostasach orthu, agus tá 34% eile den tuairim chéanna maidir le seirbhísí do thithíocht shóisialta.

Cé nach dtuairiscíonn tromlach na ndaoine san Eoraip go bhfuil deacrachtaí ann teacht ar sheirbhísí airgeadais, tá tuairim go huile is go hiomlán difriúil ag daoine atá beo bocht.

→ **Daoine dífhostaithe:** tá deacrachtaí ag seachtar as deichniúr morgáiste a fháil, cé gurb é 49% an meán san Eoraip i dtaobh daoine a bhfuil deacrachtaí acu sa ghrúpa seo. Tá deacrachtaí ag 58% de dhaoine dífhostaithe eile iasachtaí a fháil, i gcomparáid le meán 34% san AE, agus tá deacrachtaí ag 47% eile cárta creidmheasa a fháil (meán 27% san AE).

→ **Eorpaigh a bhfuil deacrachtaí acu freastal ar a gcuid riachtanais:** tá deacrachtaí ag beagnach triúr as gach uile cheathrar (72%) morgáiste a fháil, tá deacrachtaí ag 64% iasacht a fháil, agus tá deacrachtaí ag 55% cárta creidmheasa a fháil.

Eisiamh airgeadais: ábhar imní mór

Nuair atá duine beo bocht, tá sé deacair éalú ón bhochtaineacht. Léiríonn comparáidí náisiúnta níos mó difríochtaí i dtaobh rochtain a fháil ar sheirbhísí airgeadais.

Morgáiste a fháil: tá deacrachtaí ag 20% de mhuintir na Fionlainne, i gcomparáid le 90% de mhuintir na Spáinne.

Iasacht tomhaltais a fháil: tá raon mór i gceist ó 12% de mhuintir na Fionlainne a aontaíonn go bhfuil deacrachtaí acu iasachtaí a fháil, i gcomparáid le tromlach 78% de mhuintir na Spáinne. Dúirt leath na bhfreagróirí sa Bhulgáir (53%) agus sa Chipir (50%) ar a laghad go raibh deacrachtaí acu.

Cárta creidmheasa a fháil: tá raon ó 12% de mhuintir na hÍsiltíre agus na Sualainne go 55% de mhuintir na Spáinne ag tuairisc deacrachtaí cárta creidmheasa a fháil.


6. AG DUL I NGLEIC LEIS AN MBOCHTAINÉACHT

Ar an meán, tá 89% de mhuintir na hEorpa den tuairim gur ceart dá rialtas náisiúnta dul i ngleic le bochtaineacht (Féach graf1).

Ní hamháin a bhfuil na daoine atá ag sraonadh maireachtáil den tuairim seo ach; aontaíonn 85% de na freagróirí atá rangaithe mar dhaoine a bhfuil ádh orthu ó thaobh an ioncaim de gur fadhb í an bhochtaineacht agus gur chóir dá rialtas dul i ngleic léi go práinneach.


Maidir le gach ceann de na ráitis seo a leanas, inis dom le do thoil má aontaíonn nó mura n-aontaíonn tú leis an tuairim... Gur fadhb phráinneach í an bhochtaineacht i (DO THÍR) agus gur chóir don Rialtas dul i ngleic léi go práinneach.

■ Aontaíonn
■ Easaontaíonn
■ Gan fhios



Go ginearálta, cé chomh tábhachtach is atá ról an Aontais Eorpaigh chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht?


■ Tábhachtach
■ Nil sé tábhachtach
■ Gan fhios



Fiú mura bhfuil muintir na hEorpa den tuairim go bhfuil an tAontas Eorpach freagrach as comhrac na bochtaineachta go príomha, measann an tromlach de dhaoine go bhfuil ról lárnach aige (measann 28% de dhaoine go bhfuil sé 'an-tábhachtach', agus 46% go bhfuil sé 'sách tábhachtach').

Tá an tuairim go forleathan ar fud na hEorpa go bhfuil ról tábhachtach ag an AE chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht, agus bhí an tuairim seo níos láidre ag muintir an Mháilta (93%) agus na Slóvaice (91%).

Dar leat, cén ceann de na grúpaí ón liosta seo a leanas, atá freagrach as dul i ngleic le bochtaineacht nó atá freagrach as í a laghdú i (SA TÍR SEO) ?



Measann 53% de dhaoine ar fud na hEorpa go bhfuil a rialtais náisiúnta freagrach don chuid is mó as dul i ngleic le bochtaineacht. Ag leibhéal náisiúnta, athraíonn líon na daoine a bhfuil an tuairim sin acu ó 24% (sa Fhrainc) go 85% (sa Bhulgáir). Is iad an Ungáir (80%) agus an Laitvia (77%) na tíortha eile a bhfuil níos mó ná trí cheathrú dá bpobal den tuairim go bhfuil ról lárnach ag a rialtais. Glactar leis go bhfuil grúpaí eile ann atá freagrach as gníomhú:

- Measann níos mó ná ceathrú de mhuintir na hOllainne go bhfuil dualgas ar na **saoránaigh iad féin** dul i ngleic le bochtaineacht (27% vs. meán an AE – 13%). Tá an tuairim seo ag cúigiú den daonra ach amháin ag muintir na Fionlainne (22%).
- Creideann níos mó ná ceathrú de na freagróirí sa Fhrainc go bhfuil ról bunúsach ag **ENRanna nó eagraíochtaí carthanais** chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht (26% vs meán an AE de 7%).
- Sa Ghréig, mothaíonn 23% go bhfuil ról bunúsach ag an **Aontas Eorpach** chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht (vs. meán an AE de 9%). I Lucsamburg, tá 20% den tuairim.

CONCLÚID

Sa lá atá inniu againn, tá saoránaigh an AE feasach cé chomh forleathan atá an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta sa tsochaí: measann triúr as ceathrar go bhfuil bochtaineacht forleathan ina dtír, fiú má tá éagsúlachtaí ann sna tuairimí sin i measc na mBallstát. Tá an tuairim ann i measc daoine áirithe go bhfuil daoine beo bocht nuair atá a n-acmhainní chomh teoranta sin nach féidir leo a bheith lánpháirteach sa tsochaí, nuair nach féidir le duine bunriachtanais an tsaoil a cheannach chun maireachtáil, nó nuair atá duine ag brath ar charthanacht nó fhardheontais phoiblí.

Tá níos mó ná 80% de mhuintir na hEorpa den tuairim go bhfuil méadú tagtha ar an mbochtaineacht ina dtír le trí bliana anuas. Ní mór na torthaí a thuiscint i gcomhréir le comhthéacs na géarchéime geilleagraí reatha, géarchéim a bhfuil a tionchar iomlán fós le brath.

Measadh go forleathan gurb iad an dífhostaíocht, mar aon le pána agus tuarastail nach bhfuil ard go leor i gcomparáid leis an gcostas maireachtála, na nithe ba mhó a bhí mar chúis leis an mbochtaineacht. Tuairiscíodh an t-ard-phraghas ar thithíocht mar chúis leis an mbochtaineacht; bíonn deacrachtaí ag dhá-thriú de mhuintir na hEorpaigh tithíocht mhaith a fháil ar phraghas réasúnta. Ba iad easpa oideachas, traenála agus scileanna, bochtaineacht 'le hoidhreacht' agus andúil na tosca pearsanta ba mhó a tuairiscíodh mar chúis leis an mbochtaineacht.

Dearbhaíonn an suirbhé seo go meastar go bhfuil daoine dífhostaithe leochaileach; creideann níos mó ná leath de mhuintir na hEorpa go bhfuil daoine dífhostaithe níos mó i mbaol i dtaobh na bochtaineachta. Tá thart ar leath na bhfreagróirí den tuairim gur ceart go mbeadh tosaíocht a thabhairt do dhaoine dífhostaithe chun cúnaimh sóisialta a fháil. Creidtear go forleathan gur ghrúpa leochaileach iad daoine scothaosta freisin.

Mothaíonn daoine atá beo bocht go bhfuil baol níos rialta orthu ná Eorpaigh eile i dtaobh na bochtaineachta. Nuair atá duine beo bocht, d'fhéadfadh sé bheith thar a bheith deacair éalú ón bhochtaineacht. Léiríonn an suirbhé, mar shampla, go bhfuil deacrachtaí ag beagnach 75% de daoine a mbíonn deacrachtaí acu freastal ar a gcuid riachtanais morgáiste a fháil. Bíonn deacrachtaí ag trian eile iasachtaí a fháil, agus bíonn deacrachtaí ag níos mó ná leath acu cárta creidmheasa a fháil.

Measann daoine gur fadhb í an bhochtaineacht agus go bhfuil gá dul i ngleic léi go práinneach: tacaíonn naonúr as deichniúr an tuairim gur ceart don rialtas gníomhú maidir leis. Cuireann níos mó ná leath na bhfreagróirí bunmhilleán ar a rialtas as bochtaineacht a laghdú nó a chosc.

Mar fhocal scoir, creideann beagnach trí cheathrú de shaoránaigh na hEorpa go bhfuil ról tábhachtach ag an Aontas Eorpach an bhochtaineacht a chomhrac.